



An Bhruiséil, 16 Aibreán 2025
(OR. en)

8129/25

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0100(NLE)**

**ECOFIN 443
UEM 132
FIN 422
EIB
*ECB***

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Aibreán 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 184 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12275/22 INIT; ST 12275/22 ADD 1) an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a fhormheas

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 184 final.

Faoi iamh: COM(2025) 184 final



An Bhruiséal, 16.4.2025
COM(2025) 184 final

2025/0100 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12275/22 INIT; ST 12275/22 ADD 1) an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a fhorghnó

{SWD(2025) 111 final}

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12275/22 INIT; ST 12275/22 ADD 1) an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a fhorghnó

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Ísiltír an phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 8 Iúil 2022, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhorghnó an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022². Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin an 17 Deireadh Fómhair 2023 agus an 5 Samhain 2024³.
- (2) An 21 Márta 2025, rinne an Ísiltír iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an phlean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Ísiltír.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

- (3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Ísiltír isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 17 bheart.
- (4) Mhínigh an Ísiltír nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh go páirteach mar gheall ar fhorbairtí le déanaí sa mhargadh, rud a d'fhág go raibh an t-éileamh níos ísle ná mar a bhíodas ag súil leis. Baineann sé sin le sprioc 16 agus clocha míle 17, 18, 19, 20 faoi bheart C1.1 II-8 (Gaoth amach ón gcósta) faoi chomhpháirt 1 (An tAistriú Glas a Chur Chun Cinn). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír an tuairisc ar bheart

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

² ST 12275/22 INIT; ST 12275/22 ADD 1.

³ ST 13789/24 INIT; ST 13789/24 ADD 1 REV 1.

C1.1 I1-8 (Gaoth amach ón gcósta) a leasú, chun an tuairisc ar chlocha míle 17, 18, 19 agus 20 a leasú agus chun sprioc 16 a laghdú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

- (5) Mhínigh an Ísiltír nach féidir trí bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh laistigh den tréimhse ama atá beartaithe mar gheall ar imthosca oibiachtúla, is é sin meascán de shaincheisteanna a eascraíonn as plódú eangaí, boilsciú agus scileanna agus ganntanais foirne. Baineann sé sin le spriocanna 24, 25, 26 faoi bheart C1.1 I3-1 (Aistriú fuinnimh ar uiscebhealaí intíre, tionscadal Seirbhísí Astaíochtaí Nialasacha (ZES)) faoi chomhchuid 1 (An tAistriú Glas a Chur Chun Cinn); sprioc 48 agus clocha míle 49 agus 50 faoi bheart C2.2 I1-1 (An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid), sprioc 51 faoi bheart C2.2 I2-3 (Soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe) faoi chomhpháirt 2 (Dlús a chur leis an Aistriú Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír spriocanna 24, 25 agus 51 a laghdú agus Sprioc 26 a bhaint. Thairis sin, d'iarr an Ísiltír an tuairisc ar bheart C1.1 I3 agus an tuairisc ar chloch mhíle 50 a leasú. Thairis sin, d'iarr an Ísiltír síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme spriocanna 24, 25, 48 agus 51, agus chlocha míle 49 agus 50 freisin agus an tuairisc ar bheart C2.2 I1-1 (An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchtá Iarnróid) a leasú chun an síneadh san amlíne cur chun feidhme le haghaidh chlocha míle 49 agus 50 a léiriú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.
- (6) Mhínigh an Ísiltír nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine go páirteach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla, is é sin méadú gan choinne ar chostais táirgthe agus dúshláin theicneolaíocha gan choinne. Baineann sé sin le spriocanna 56 agus 57 faoi bheart C2.2 I3-1 (Stáisiúin chliste cois bóthair - iWKS) faoi chomhpháirt 2 (Dlús a chur leis an Aistriú Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír an tuairisc ar bheart C2.2 I3-1 (Stáisiúin chliste cois bóthair - iWKS) a leasú agus spriocanna 56 agus 57 a laghdú. Ar a bharr sin, d'iarr an Ísiltír síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme sprioc 56. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.
- (7) Mhínigh an Ísiltír go ndearnadh 8 mbeart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uailmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le cloch mhíle 2 faoi bheart C1.1 R1-1 (Athchóiriú ar chánachas fuinnimh), le clocha míle 7 agus 8 faoi bheart C1.1 R4-1 (Athchóiriú ar chánachas ar ghluaistéain), le clocha míle 27 agus 28 faoi bheart C1.1 I4-1 (Aistriú ar an eitlíocht) faoi chomhpháirt 1 (An tAistriú Glas a Chur Chun Cinn); sprioc 39 faoi bheart C2.1 I2-1 (AI Ned agus pobail foghlama intleachta saorga feidhmí), sprioc 53 faoi bheart C2.2 I2-3 (Soghluaisteacht shábháilte, chliste agus inbhuanaithe), cloch mhíle 61 faoi bheart C2.3 I1-1 (Bonneagar TF a athnuachan ag an Aireacht Cosanta) faoi chomhchuid 2 (Dlús a chur leis an Aistriú Digiteach); clocha míle 85 agus 86 faoi bheart C4.1 R2-1 (Árachas míchumais le haghaidh daoine féinfhostaithe) faoi chomhpháirt 4 (Neartú a dhéanamh ar Mhargadh an tSaothair, Pinsin agus Oideachas atá Dírithe ar an Todhchaí); cloch mhíle 134 faoi bheart C8 R1 (An pacáiste um athchóiriú ar an margadh fuinnimh) faoi chomhpháirt REPowerEU. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme sprioc 28 agus chlocha míle 85 agus 86. Thairis sin, d'iarr an Ísiltír an tuairisc ar bhearta C1.1 R1-1 (Athchóiriú ar Chánachas Fuinnimh) agus C1.1 I4-1 (Aistriú ar an eitlíocht) a leasú, agus an tuairisc ar chlocha míle 2, 7, 8, 27, 28, 53, 61 agus 134 agus sprioc 39 a leasú. Thairis sin, d'iarr an Ísiltír cloch mhíle 8a a chur le beart C1.1 R4-1 (Athchóiriú ar

chánachas ar ghluaisteáin). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

- (8) Mhínigh an Ísiltír go ndearnadh 4 bheart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus, an tráth céanna, cuspóirí an bhirt lena mbaineann a bhaint amach. Baineann sé sin le spriocanna 22 agus 23 faoi bheart C1.1 I2-2 (Cumhacht ghlas hidrigine), spriocanna 31, 32 agus 33 faoi bheart C1.2 I1-1 (An Clár Dúlra) faoi chomhchuid 1 (An tAistriú Glas a Chur Chun Cinn); sprioc 60 faoi C2.3 R1-3 (Bainistiú faisnéise poiblí (an tAcht um Rialtas Oscailte)) faoi chomhchuid 2 (Dlús a chur leis an Aistriú Digiteach); cloch mhíle 108a faoi bheart C5.1 I1-1 (Cumas acmhainní daonna a mhéadú go sealadach don chúram le linn géarchéimeanna) faoi chomhpháirt 5 (Cúram Sláinte Poiblí agus an Ullmhacht le haghaidh Paindéime a Neartú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go mbainfí faisnéis chúlra nó eilimintí nós imeachta nach bhfuil gá leo agus nach rannchuidíonn le cuspóirí na mbeart, go soiléireofaí go mbaineann gnéithe áirithe le cuspóirí nó le comhthéacs na mbeart, agus go simpleofaí tuairisc ar bhearta nó ar chlocha míle agus ar spriocanna a chruthaíonn ualach riaracháin gan údar chun cuspóirí na mbeart faoi seach a bhaint amach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.
- (9) Tar éis bearta a bhaint de réir Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, d'iarr an Ísiltír freisin go n-úsáidfí na hacmhainní a saoradh trí bhearta a bhaint agus trí leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú chun leibhéal cur chun feidhme birt amháin a mhéadú. Baineann sé sin le sprioc 130 faoi bheart C8 I1 (Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigiltis fuinnimh) faoi chomhpháirt REPowerEU. Ar an mbonn sin, d'iarr an Ísiltír go méadófaí leibhéal chur chun feidhme riachtanach na mbeart thuasluaite. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.
- (10) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an Ísiltír, go bhfuil údar maith leis an leasú/na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241, agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 a leasú dá réir.

Clocha míle agus spriocanna a dháileadh

- (11) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Ísiltír i láthair a chur san áireamh.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

- (12) Sainaithníodh aon earráid chléireachais amháin i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do 4 chloch mhíle agus an tuairisc ar aon bheart amháin faoi chomhchuid amháin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun an earráid chléireachais a cheartú nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 8 Iúil 2022, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ísiltír. Baineann an earráid chléireachais sin le clocha míle 69, 70, 71 agus 72 faoi bheart C3.1 R3-1 (Pleanáil láraithe chun soláthar tithíochta a mhéadú) faoi chomhpháirt 3 (An Margadh Tithíochta a Fheabhsú agus Réadmhaoin a Dhéanamh Níos Tíosaí ar Fhuinneamh). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Measúnú ón gCoimisiún

- (13) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU

- (14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241, meastar go rannchuideoidh an caibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.
- (15) Déantar beart C8 II (Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh) a uas-scálú tar éis sprioc a bhaint agus leibhéal cur chun feidhme beart áirithe a laghdú. Leis an mbeart seo cuirtear fóirdheontais ar fáil do theaghlaigh le haghaidh roinnt idirghabhálacha chun éifeachtúlacht fuinnimh sa timpeallacht thógtha a fheabhsú. Meastar go laghdóidh na hidirghabhálacha sin an t-éileamh ar fhuinneamh agus go rannchuideoidh siad le leictriú giniúna teasa, rud a thacóidh le dícharbónú ghiniúint fuinnimh na hÍsiltíre agus le glacadh fuinnimh in-athnuaite. Meastar go mbeidh tionchar buan ag an infheistíocht mar gheall ar fhad saoil na suiteálacha fóirdheonaithe agus an tionchar fadtéarmach a bheidh acu ar an éileamh ar fhuinneamh. Is méadú í an infheistíocht ar bheart atá ann cheana i gcomhpháirt 3 agus sa Chaibidil REPowerEU, rud a mhéadaíonn na hacmhainní a leithdháiltear ar an gCaibidil REPowerEU.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

- (16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 55,1 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe atá ann, agus 100 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.
- (17) Mar thoradh ar na hathruithe a mhol an Ísiltír chun sprioc a bhaint agus an leibhéal cur chun feidhme beart áirithe a laghdú, tháinig méadú ar sprioc 130 faoi bheart C8 II (Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh). Is é an méadú ar an mbeart sin is cúis go hiomlán leis an athrú dearfach ar rannchuidiú an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis an aistriú glas.

Costáil

- (18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin réasúnta agus inchreidte go mór (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

- (19) An fhaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, tá sí mionsonraithe agus tá bunús maith léi. Thairis sin, chuir an Ísiltír doiciméid ar leithligh isteach agus orthu sin bhí tuairiscí níos críochnúla ar an modheolaíocht is bun leis na ríomhanna costais agus mínithe ar an gcaoi a mbaineann tionscail a bhí ann roimhe seo le meastacháin chostais na mbeart leasaithe, i bhfoirm dhoiciméadachta, agus ar an mbreisíocht a ghabhann le cistiú ón Aontas i gcás inarb infheidhme. Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais agus ar an bhfaisnéis tacaíochta go bhfuil údar maith le formhór chostais na mbeart leasaithe, go bhfuil siad réasúnta agus inchreidte, agus nach gcuimsíonn siad costais a chumhdaítear le maoiniú reatha ón Aontas nó le maoiniú atá beartaithe aige, rud atá ina údar le rátaíl B. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

- (20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean leasaithe, is leormhaith (Rátáil A) iad chun coinbhleachtaí leasa, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus tá coinne leis go ndéanfaidh siad cistiú dubailte ón tSaoráid agus ó chlár eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴.
- (21) Ó rinneadh an measúnú roimhe seo, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhrí chóras iniúcháireachta agus rialúcháin na hÍsiltíre. Áirítear leis sin torthaí na hiniúcháireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún san Ísiltír.
- (22) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialúcháin inmheánaigh Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÍsiltíre leordhóthanach ar an iomlán. Áirítear sa phlean modhnaithe nuashonrú ar an gcreat rialaithe agus iniúcháireachta chun léiriú a thabhairt ar an obair a rinneadh d'fhonn na próisis ábhartha a chuíchóiriú a thuilleadh. Áirítear ann nuashonrú ar an nós imeachta chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú, go háirithe chun léiriú a thabhairt ar na bearta a fhreastalaíonn ar easpa úsáide Arachne. Tá sé d'oibleagáid ar fhoireann na stiúthóireachtaí beartais dearbhuithe sínithe a bhailiú maidir le heaspa coinbhleachta leasa. Ba cheart do na bainisteoirí líne na dearbhuithe sin a shíniú nó a chomhshíniú freisin. Le linn na rialuithe tráthrialta agus go sonrach roimh an ullmhúchán le haghaidh cur isteach gach iarrata ar íocaíocht, ba cheart do Stiúthóireachtaí Gnóthaí Airgeadais agus Eacnamaíoch na hiniúchtaí rioscabhunaithe sin a dhéanamh ar dhearbhuithé foirne agus ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann. Faoi réir na n-iniúchtaí agus na bhfíoruithe rioscabhunaithe

⁴ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas gearrálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

sin trí bhíthin bunachair sonraí éagsúla, déanfar cros-seiceáil ar na dearbhuithe nach bhfuil coinbhleacht leasa ann arna síniú ar leibhéal na stiúrthóireachtaí beartais. Tá nósanna imeachta eile i bhfeidhm a bhaineann le coinbhleacht leasa agus, ar bhonn níos leithne, le cosaint leas airgeadais an Aontais Eorpaigh agus meastar go bhfuil siad leordhóthanach agus láidir.

Aon chritéir mheasúnaithe eile

- (23) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Ísiltír chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12275/22 INIT; SST 12275/22 ADD 1) ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (e), (f), (g), (h) agus (k).

Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)

- (24) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795, mheas an Ísiltír an liosta tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mar sin féin, níor chuir an Ísiltír tionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe toisc nár tugadh isteach aon bheart nua leis na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, agus toisc gurb é an toradh a bhí ar bhaint sprice agus ar an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme beart áirithe gur saoradh méid teoranta acmhainní, rud a d'iarr an Ísiltír a úsáid chun sprioc 130 faoi bheart C8 II (Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh) a mhéadú. Go sonrach, ní sholáthraítear leis an méadú ar sprioc 130 faoi bheart C8 II (Fóirdheontas infheistíochta le haghaidh fuinneamh inbhuanaithe agus coigilteas fuinnimh) na hacmhainní is gá chun cur chun feidhme tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu a chumasú, agus dá bhrí sin, níor chuir an Ísiltír tionscadail den sórt sin san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Measúnú dearfach

- (25) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíochta le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

Ranníocaíocht airgeadais

- (26) Is é EUR 5 442 993 000 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hÍsiltíre. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Ísiltír, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4(a) de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Airteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de

Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe na hÍsiltíre, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais uasta atá ar fáil do Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe na hÍsiltíre. EUR 5 441 423 046 atá sa mhéid sin.

- (27) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 12275/22 INIT; ST 12275/22 ADD 1) ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hÍsiltíre a fhorghnó mar seo a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe na hÍsiltíre ar bhonn na gritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.’;

- (2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig Ríocht na hÍsiltíre a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán